C/2025/1838

21.3.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11751 — TPG / TECHEM)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1838)

1. An 14 Márta 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— The Rise Fund III, L.P. (Oileáin Cayman), TPG Rise Climate, L.P. (Oileáin Cayman), agus TPG Rise Climate II, L.P. (Lucsamburg) (na cistí le chéile, 'TPG Rise'), cistí atá á mbainistiú ag fiontair chleamhnaithe TPG Inc. ('TPG') (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Luxembourg Investment Company 261 S.à.r.l ('LIC') (Lucsamburg) agus Techem Verwaltungsgesellschaft 671 GmbH ('Techem') (an Ghearmáin) (in éineacht le LIC agus gach ceann dá bhfochuideachtaí an 'Spriocghnóthas').

Gheobhaidh TPG rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an Spriocghnóthas ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht domhanda bainistíochta sócmhainní malartacha é TPG a infheistíonn in go leor gnólachtaí éagsúlaithe ar fud an domhain, lena n-áirítear seirbhísí gnó, cúram sláinte, teicneolaíocht, táirgí tomhaltóirí, na meáin dhigiteacha agus cumarsáid. Mar chuid dá phunann infheistíochta, rialaíonn TPG Aareon AG, soláthraí Gearmánach bogearraí, comhairleoireachta agus córas TF d'earnáil na réadmhaoine. Tá TPG Rise gníomhach in infheistiú i réitigh aeráide san aistriú fuinnimh agus sa tsoghluaisteacht ghlas; breoslaí inbhuanaithe agus móilíní inbhuanaithe; agus réitigh charbóin,

— Cuimsíonn seirbhísí Techem (i) soláthar seirbhísí fomhéadraithe le haghaidh uisce agus teasa (agus gairis fomhéadraithe, i ndáil leis na seirbhísí sin) i roinnt Ballstát LEE lena n-áirítear an Ghearmáin agus an Ísiltír, agus (ii) seirbhísí coimhdeacha áirithe, go príomha san Ostair, sa Ghearmáin, san Iodáil agus i Lucsamburg, lena n-áirítear tástáil uisce le haghaidh legionella, agus brathadóirí deataigh a ligean ar cíos, a dhíol agus a chothabháil; agus seirbhísí áirithe teoranta conraithe fuinnimh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11751 — TPG / TECHEM

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË